

# Cód Iompar

## Réamhrá

Cuireadh san áireamh agus an cód iompar seo á dhréachtadh na riachtanaisí agus na cúinsí a bhaineann leis an scoil seo ach go háirithe. Is é an aidhm leis an gCód Iompar seo ná féiniúlacht an linbh a aithint agus ag an am céanna cearta gach dalra oideachas a fháil, gan éinne ag cur isteach air nó uirthi. Is baill don scoile sinne ar fad agus feidhmeoidh na Rialacha Scoile chun sábháilteacht, sláinte agus fás agus forbairt na mball a chinntiú. Sa chás seo is iad na daltaí, na tuismitheoirí agus foireann Gaelscoil Thulach an nÓg na baill.

Tá ár gCód Iompar roinnte ina dtrí rannóg

1. Iompar Scoile
2. Iompar sa Seomra Ranga
3. Iompar sa Chlós

## **1. Iompar Scoile**

Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile. Béifear ag súil go labhrófar Gaeilge i rith am scoile agus le linn imeachtaí scoile laistigh agus lasmuigh d'am scoile.

- a. Tosáíonn scoil ag 8.50 r.n. Ba chóir go mbeadh gach páiste ar scoil in am gach lá.
- b. Níl cead ag aon pháiste an scoil a fhágáil i rith am scoile. Beidh cead ag páiste imeacht má bhailíonn tuismitheoir iad nó duine ainmnithe i scríbhinn ag an dtuismitheoir.
- c. Caithfear gach asláithreacha a mhíniú don scoil i bhfoirm scríbhinn. Beidh an t-eolas seo ar fáil don Oifigeach Leasa Oideachais de réir mar is gá.
- d. Glacfar leis go mbeidh gach páiste cuirtéiseach agus béasach lena chéile, le múinteoirí agus foireann na scoile agus le héinne lena mbíonn teangmháil acu sa scoil.
- e. Caithfear treoracha na múinteoirí nó pé duine fásta atá faoi chúram na bpáistí a leanúint le linn am scoile agus imeachtaí scoile i gcónaí.
- f. Caithfear meas a thaispeáint don scoil agus dá trealamh i gcónaí. Má dhéantar damáiste d'aon ghnó beidh ar thuismitheoirí an pháiste/ pháistí íoc as.
- g. Caithfidh gach páiste an scoil agus timpeallacht na scoile a choimeád glan agus saor ó bhruscar i gcónaí.
- h. Caithfear na héide scoile a chaitheamh gach lá seachas ar laethanta ainmnithe do na héide spóirt. Bíodh na héadaí scoile glan agus néata. Fad is atá éide scoile a

chaitheamh ag aon pháiste is ambasadóir don scoil é/í agus mar sin caithfear an meas céanna a thaispeáint do dhaoine agus do threalamh is a iarrtar a thaispeáint ar scoil.

- i. Siúlfaidh na páistí isteach agus amach ón scoil, tríd an scoil agus timpeall na scoile.
- j. Caithfear siúl ar thaobh dheas sa phásaiste ag siúl sa scoil.
- k. Tá na rialacha céanna smachta agus deá -iompar i bhfeidhm ar an mbus scoile, le linn do dhaltaí bheith ag taisteal ag imeachtaí scoile agus fad is atá siad i láthair ag aon imeacht scoile.

## 2. Iompar sa Rang

- a. Tá sé de cheart ag gach páiste taitneamh agus tairbhe a bhaint as an lá scoile. Uime sin, béifear ag súil le deá iompar sa rang.
- b. Béifear ag súil go ndéanfaidh gach páiste a cuid/chuid obair scoile/bhaile chomh maith is atá ar a g/cumas
- c. Ní ghlacfar le :
  - Drochchaint
  - Magadh, searbhais nó glaoch ainmnithe ar pháiste eile.
  - Caint leanúnach le daoine eile sa seomra ranga.
  - Bogadh timpeall gan chúis nó gan chead an mhúinteoir ranga.
  - Diúltú treoracha a leanúint.
  - Tromaíocht.
  - Cur isteach ar obair dhaltaí eile.
  - Cur isteach go leanúnach ar am teagaisc an ranga.
- d. Tá cosc ar na soláistí seo a leanas:  
deochanna milse, criospaí, seacláid, milseáin agus guma coganta.

Mar scoil a dhéanann cuir chun cinn ar an tsláinte, moltar bia folláin i gcónaí.

### **3. Iompar sa Chlós**

Tá treoiríníte don iompar sa chlós bunaithe ar riachtanais gach páistí agus gach ball fóirne a bheith sábhailte san áitreabh.

Uime sin:

- a. Glacfaidh gach páiste lena treoracha a chuireann an múinteoir atá i bhfeighil i bhfeidhm.
- b. Níl cluichí ina bhfuil tarraingt nó brú ceadaithe.
- c. Siúlfaidh gach rang amach go dtí an clós leis an múinteoir ranga i líne. Nuair atá an sos thart fanfaidh na páistí sa líne go dtí go mbaileoidh an múinteoir ranga iad.
- d. Níl cead luascadh ar ráillí miotail.
- e. Beidh cead ag na daltaí imirt ar an bpáirc má tá an aimsir oiriúnach. Socróidh an Príomhoide nó an múinteoir i bhfeighil é seo.
- f. Ar laethanta atá fliuch fanfaidh na páistí ina seomraí féin. Déanfar maoirseacht orthu agus cuirfear cluichí agus leabhra ar fáil dóibh.
- g. Ní ghlacfar le drochchaint, magadh nó searbhais faoi dhaoine eile sa chlós.
- h. Ní ghlacfar riamh le tromaíocht ar dhaoine eile sa chlós.

### **Cuntas ar drochiompar**

Coimeádfaidh gach múinteoir cuntas ar dhrochiompar. Labharfar lena tuismitheoirí go luath má bhíonn fadhbanna iompar.

## **Smacht ar mhaithe le foghlaim**

Braitheann sonas agus an rath a bheidh ar ár gcuid bpáistí amach anseo sa saol a gcumas chun roghanna stuama a dhéanamh. Chun cothú a thabhairt do na páistí tá córas smachta uile scoile forbartha againn, ionas go mbeadh gach múinteoir ag déileáil le chuile pháiste ar an mbealach céanna. Ar an mbealach seo tuigfidh gach páiste cén saghas iompar go bhfuileamar ag súil leis.

An t-ainm atá ar bplean seo ná Smacht ar Mhaithe le Foghlaim ( Discipline for Learning). Sé an bun chuspóir atá againn na timpeallacht a chruthú ina bhfuil gach páiste in ann foghlaim. Na príomh coincheapa ná:

- Ní GÁ d'aon pháiste bheith ag gabháil don drochiompar.
- Is rogha cinnte de chuid an pháiste féin é bheith ag gabháil do dhrochiompar.
- Tá sé de rogha I gcónaí ag páiste deá iompar a chleachtadh.
- Caithfear a chur in iúl do pháistí go mbíonn deá thoradh ar dheá iompar.

Tá trí chuid den phlean:

### **1. Rialacha**

Gheobhaidh na páistí rialacha agus treoirlínte do iompar laistigh agus lasmuigh den seomra ranga.

### **2. Luaíochtaí**

Cuirfidh an Príomhoide agus na múinteoirí córas luaíochta le chéile atá oiriúnach do gach leibhéal ranga. Déanfar athbhreithniú ar seo go minic chun a chinntiú go bhfuil an córas luaíocht éifeachtach.

### **3. Seiceáil ar Iompar**

Má roghnaíonn páiste rial a bhriseadh beidh rogha de liosta iarmhairtí acu láithreach.

*"Pupils need to learn that negative consequences are a natural outcome of misbehaviour. The key is not the consequences themselves, but the inevitability that they will occur each time a rule is broken or a direction not followed. Not sometimes, not every now and then but every single time"*

(Lee Canter, ' Assertive Discipline' , 1992)

## **Ag bainistiú iompar foréigeanach nó ionsaitheach**

Straitéisí a úsáidtear chun déileáil le fadhbanna dáiríre mothúchána agus iompair e.g.

- Déantar comhairliúchán le tuistí an dalta, agus sa chás go bhfuil gach iarracht déanta ag cloí leis an bpolasaí seo, agus nach bhfuil feabhas ag teacht ar iompar an pháiste déanfar comhairliúchán le NEPS/HSE.
- Leanaí atá suaite go mothúnach a chur láithreach le haghaidh measúnú síceolaíoch.
- Le cabhair an Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais , lorgáitear tacaíocht chuif óna seirbhísí atá ar fáil e.g. Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte, NEPS.
- Cuirtear pearsanra Riachtanas Speisialta Oideachais san áireamh, a bhféadfaidís cabhrú le múinteoirí trí chleachtas agus tacaíocht maidir le bainistíocht an iompair dhúshlánaigh a roinnt – is féidir úsáid a bhaint as an múinteoir tacaíochta foghlamtha/an príomhoide nó baill fóirne eile chun plé leis seo.
- Má chúisíonn iompar foréigneach nó bagrach riosca don dalta féin nó do shábháilteacht na ndaltaí eile nó d'fhoireann na scoile, cuirfear gloch ar thuistí chun an páiste a thógáil abhaile. Beidh cruinniú ansin ag na tuistí agus an múinteoir/príomhoide chun plean aonarach a leagan amach don pháiste sin. Rachfar i gcomhairle leis na húdaráis chuif chomh maith e.g. SENO, EWO, NEPS, HSE nó eile.

## **Fionraíocht**

Déantar cosaint ar chearta oideachais i réimse forálacha dleathúil agus bunreachtúil agus i gCoinbhinsiún um Chearta an Duine. Ciallaíonn sé seo de bharr an chosaint dleathúil ar chearta oideachas an pháiste go bhfuil féidreachtaí ann d'achomharc má dhéantar cinneadh páiste a chur ar fhionraí agus go bhféadfaí athbhreithniú breithiúnaigh a bheith ann san Ardchúirt.

Tá sé de dhualgas ag an mBord Bainistíocht agus an Phríomhoide a chinntiú nach bhfuil aon mhoill ar fhiosrúchán nó cine a dhéanamh maidir le fionraíocht a chur i bhfeidhm. Ba chóir go ndéanfar cinnte go ndéanfar fiosrúchán ar mhí iompar i leith aon pháiste go rúnda.

## **Fionraíocht**

Déantar sainmhíniú ar fhionraíocht ar son an pholasaí seo mar:

Go mbeadh cosc ar pháiste a bheith i láthair ar scoil ar feadh tréimhse ama de laethanta scoile.

Tá dualgas dleathúil ar scoileanna modhanna cothrama a leanacht agus iad i mbun tréimhse fionraíocht a ghearradh ar pháiste nó iad a dhíbirt.

- Fón póca. Má bheirtear ar fhón póca in úsáid le linn am scoile tógfar é agus coimeádfar in oifig an phríomhoide é. Beidh ar thuismitheoirí/ chaomhnóirí an fón a bhailiú ón oifig. Sa chás go gcaithfear teachtaireacht a sheoladh chuig do pháiste, ní mhór do thuismitheoir/ chaomhnóir teangmháil a chur ar rúnaí na scoile i ndiaidh 1.30.
- Ní gá fón póca a thabairt ag cluiche peile nó ar thuras scoile. Ní mór don thuismitheoir/caomhnóir glaoch a chur ar an scoil chun am filleadh a chinntiú.

## Gnás Feistis

Béifear ag súil go dtabharfaidh na tuismitheoirí/ caomhnóirí tacaíocht iomlán don riail i dtaobh éide scoile.

- Is cabhair mór í an éide scoile chun ballraíocht den phobal scoile agus mórtas scoile a chothú i measc páistí na scoile. Is gá go mbeadh gach páiste ar scoil glan agus néata agus go gcaitear na héadaí scoile gach lá taobh amuigh de na laethanta go mbíonn Corp Oideachas ar siúl.
- Tá cead ag na scoláirí cotaí/ casóg nó hata a chaitheamh ar scoil le linn aimsir fhuar/ fhliuch ach caithfear iad a bhaint sa seomra ranga.
- Níl cead ag na páistí hata, scaif nó láimhiní a chaitheamh le linn am ranga.
- Níl cead ag na daltaí geansaí de aon saghas seachas geansaí na scoile a chaitheamh le linn am ranga.
- Caithfear bróga ata oiriúnach do scoil a chaitheamh. Moltar bróga dubha nó donna a chaitheamh lena héadaí scoile. Ní cheadaítear do pháistí bróga le sála arda a chaitheamh ar mhaithe lena sábhailteacht.
- Beifear ag súil go mbeadh folt gruaige gach páiste glan agus neat agus saor ó dhathanna geala bréagach.

## Culaith

Caithfear culaith spóirt na scoile a chaitheamh ar laethanta go bhfuil Corp Oideachas mar chuid den am chlár agus imeachtaí uile scoile. Ba chóir t-léine bán a chaitheamh faoin gculaith spóirt.

## Bréagáin

Is mór an bhac iad bréagáin an bhaile ar scoil. Cruthaíonn siad buairt agus trioblóid má bhristear nó má chailltear iad.

Moltar bréagáin a fhágáil sa bhaile.

Ní cheadaítear ríomhairí/ cluichí leictreonach/ cluichí le ceallraí seachas ar an lá deireannach do gach téarma agus le cead an mhúinteora.

Ní cheadaítear iad seo thíos luaite ag am ar bith:

- Smuidiú nó seodra d'aon saghas a chaitheamh seachas fainne cluasa stoda agus uaireadóirí.
- Tatúanna agus aistreoga coirp.
- Sprae frithallas, cumhrán. (Tá cead buidéal "roll on" frithallas i mbuidéil plaisteach más gá.)
- Guma coganta
- Tippex

## **Córas Luaíochta**

Beidh leabhrán le naoi leathanach eangaithe (10gcearnóg an lth Naíonáin Shóis – Rang 2, 20 cearnóg Rang 3- Rang 6) ag chuile pháiste.

Leabhar 1: Dearg

Leabhar 2: Buí

Leabhar 3: Glas

1. Faigheann daltaí greamán ar chuile leathanach a líontar.
2. Nuair a líontar 3 leathanach faigheann an dalta duais ó Thobar an Áidh.
3. Má líontar trí leathanach eile is féidir leo filleadh ar Thobar an Áidh.
4. Leabhar líonta – Teastas Cré – umha, Tobar an Áidh, ainm sa Leabhar Órga.
5. Trí leabhar líonta – Teastas Órga, Tobair an Áidh, ainm sa leabhar Órga.
6. Ceithre leabhar líonta – Ócáid speisialta.

## **Tobair an Áidh**

Ranganna Sóisearacha: Bréagáin agus féiríní.

Ranganna Sinsireacha: Pas obair bhaile.

Sos ó obair ranga.

Cuidiú le rang naíonáin shóisireacha ar feadh 20 nóim.

Tréimhse léitheoireachta 15 nóim.

Cead suí in aici le do rogha cara.

Cuidiú san oifig.

Ríomhaire ar feadh 20 nóim



## Rules

### 1.) Gaeilge

Labhraigí Gaeilge le cách.

### 2.) Meas

Bígí lách agus béasach le páistí agus daoine fásta.

Léirimid meas tríd ár lámha agus ár gcosa a coimead dúinn féin timpeall na scoile i gcónaí.

### 3.) Gluaiseacht

Siúlaigí sa phasáiste in bhur dtost agus bíodh feasach ar dhaoine ag teacht an treo eile.

### 4.) Cur i láthair

Caithigí bhur gcultithe scoile ina iomláine agus bíodh bhur gcuid oibre néata.

### 5.) Clós

Cloigín – líne – tost.

## Sanctions

<b>Naíonáin – Rang 2</b>	<b>Rang 3 – Rang 6</b>
<ol style="list-style-type: none"><li>1.) Rabhadh ó bhéal.</li><li>2.) Ainm ar an gclár bán.</li><li>3.) Aistriú go seomra eile (10 nóiméid).</li><li>4.) Seoladh chuig an Príomhoide.</li><li>5.) Teagmháil le tuismitheoirí.</li><li>6.) Leathanach iarmhairtí (Rang 2)</li></ol>	<p>Féach ar Augisín 1.</p>

## Reward System

Each child will have a grid book of nine pages (10 squares per page for Naíonáin – Rang 2, 20 squares per page for Rang 3 – Rang 6).

Book 1 – Red

Book 2 – Yellow

Book 3 – Green

- 1.) Pupils receive a sticker for each page filled.
- 2.) When three pages are completed the pupil receives a prize from the Lucky Dip box.
- 3.) If three more pages are completed they can return to the lucky dip box.

Tá dhá pháirt rí thábhacht sna modhanna cothroma

- Cearta éisteachta.
- Cearta éisteacht agus réiteach gan claonadh.

Séard is brí le cearta éisteachta ná go cheart:

- Fios go bhfuil fiosrúchán a dhéanamh ar an mhí iompar a cuireadh i leith an pháiste.
- Fios sonraí líomhaintí i leith an pháiste bheith ar an eolas aige/aici agus aon eolas eile a bhaineann leis an gcás.
- Fios faoin mhodh réitithe.
- Ceart líomhaintí a fhreagairt.
- Ceart éisteachta cloiste ó bhainistíocht na scoile i gcás dairíre.
- Ceart ceistiúchán ar fhinné i gcás easaontú firicí i gcás dairíre.

Séard is brí le cearta éisteachta agus réiteach gan chlaonadh ná go cheart:

- Cinneadh gan leatrom.
- A bheith neamhchlaonta san fhiosrúchán agus sa chinneadh deiridh.

Baineann modhanna cothroma i scoil le

- Fiosrúchán ar líomhaintí mhí iompar a bhaineann tréimhse fionraíochta leo.
- Próiseas chun cinneadh a dhéanamh
- a. An raibh an páiste páirteach sa mhí iompar.  
b. Cén smachtbhanna atá le cur i bhfeidhm.

Tá údaras ag Bord Bainistíochta aon scoil aitheanta páiste a chur ar fionraí.

I nGaelscoil Thulach na nÓg tá an údaras seo tugtha mar chúram ag an mBord Bainistíochta don Phríomhoide. Bainfidh méid an tréimhse fhionraíochta le cé chomh tromchúiseacht an mhí iompar.

Is féidir dalta a chur amach ar fhionraí mar thoradh ar drochiompar leanúnach, nó mar thoradh ar chás de dhrochiompar eisceachtúil sa chás go bhfuil:

- Tionchar dochrach tromchúiseach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile
- Bagairt ann do shábháilteacht agus an mac léinn ag fanacht sa scoil i láthair na huair.
- An mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach dí- mhaoin.

D'fhéadfadh fionraí a ghearradh ar pháiste de bharr eachtra dairíre mhí iompar amháin.

### **Modhanna a bhaineann le fionraíocht**

- An mac léinn agus a t(h)uismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis an ngearán. Cuir iad ar an eolas maidir leis an ngearán, an chaoi a ndéanfar imscrúdú air agus go bhféadfadh fionraí a bheith mar thoradh air.

B'fhearr seo a dhéanamh i scríbhinn ionas go mbeidh taifead oifigiúil ann, ach más gá is féidir é a dhéanamh ó bhéal.

- An deis a thabhairt airt dóibh freagra a thabhairt. Ba chóir an deis seo a thabhairt dóibh sula nglactar leis an gcinneadh.

D'fhéadfadh tuismitheoirí achomharc a dhéanamh ar phionós fionraíochta má bhíonn fiche lá fionraíocht nó thairis sa scoil bhliain agus d'fhéadfaí achomharc a dhéanamh chuig ArdRunaí an Roinn Oideachas agus Scileanna faoi cinneadh an Bhord Bainistíochta.

### **Fionraí a chur i bhfeidhm**

Cuirfidh an príomhoide na tuismitheoirí ar an eolas i bhfoirm litir faoi chinneadh na fionraíochta. Dearbhóidh an litir

- Tréimhse ama na fionraíocht agus dataí tosaithe agus deiridh.
- Cúis an fionraíochta.
- Ábhar foghlamtha le leanúint sa bhaile le linn na hama seo.
- Socraithe ar fhilleadh ar scoil agus gealltanais ar bith a gcaithfidh an mac léinn agus na tuismitheoirí a thabhairt chun glacadh le Cód Iompar na scoile.
- Foráil achomhairc don Bhord Bainistíochta
- Ag an am a mbíonn an fionraí á chur in iúl dóibh, is gá iad a chur ar an eolas maidir lena gceart achomhairc d'ArdRunaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, agus caithfear an t-eolas a thabhairt ar an gcur chuige cuí.

### **Díbirt (eisiámh buan)**

Faoin Acht Oideachais (Leas), 2000, '*í dhéanfar mac léinn a dhíbirt as scoil sula mbeidh 20 lá scoile caite tar éis d'oifigeach leasa oideachais fógra a fháil faoin alt seo.*' (Alt 24(4)).

Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta

*'...cibé bearta réasúnacha eile is cuí leis a dhéanamh chun a chinntiú go gcoinneofar dea-ord agus smacht sa scoil*

*lena mbaineann agus go n-áiritheofar sábháilteacht na mac léinn.*' (Alt 24(5))

*Is céim olltromchúisesach é. Ba chóir don scoil bheith tar éis bearta suntasacha a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis*

*an mí-iompar chun díbirt an mhic léinn a sheachaint, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí.*

Tá údaras ag Bord Bainistíochta aon scoil aitheanta páiste a dhíbirt as scoil.

I nGaelscoil Thulach na nÓg níl an údaras seo tugtha mar chúram ag an mBord Bainistíochta don Phríomhoide. Cuirfear tréimhse fionraíochta i bhfeidhm mar freagairt ar an mhí iompar inmíoch.

Is céim dairíre é páiste a dhíbirt ó scoil agus is céim é a thógfaidh Bord Bainistíochta Gaelscoil Thulach na nÓg i gcásanna fíor dhairíre de mhí iompar. Bheadh an scoil tar éis céimeanna a thógáil chun déileáil leis an mhí iompar chun seachaint a dhéanamh ar an bpáiste a dhíbirt ón scoil.

tuismitheoir nó an dalta ar an eolas faoi chinneadh na scoile. (Féach Imlitir 22/02)

- Cuirfear tuistí ar an eolas maidir lena gcearta i dtaobh seo. Míneofar gur féidir cóip den imlitir (22/02) a lorg ón oifig agus go bhfuil na foirmeacha a achomhairc a fháil ón oifig má theastaíonn siad uathu.

### **Taifid a Choinneáil**

Scríobhtar cúntais ar bhealach fíorasach neamhchlaonta.

### **Nósanna asláithreach**

De réir an tAcht Oideachais (Leas) 2000, 23(2) go gcaithfidh an Cód Iompar cur in iúl go sonrach “na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil le fógra maidir le leanbh a bheith as láthair ón scoil”. De réir coinníolacha Alt 18 tá ar thuismitheoirí asláithreach a bpáiste a chur in iúl don scoil agus fáth an asláithreach.

- Ba chóir go seoladh thuismitheoir/ caomhnóir isteach nóta ag miniú asláithreach a bpáiste ón scoil. Ní mór don mhúinteoir ranga na nótaí seo a choinneáil sa leabhar rolla don scoil bhliain.
- Tugann an scoil tuairisc chuig an NEWB ag úsáid cuíomh idirlín [www.schoolsreturns.ie](http://www.schoolsreturns.ie).

### **Tagairt do Pholasaithe eile**

Seo na beartais scoile eile a mbíonn tionchar acu ar an gcód iompair e.g.

- Plean OSPS
- Frithbhulaíocht
- Plean Beartas frithchiaptha
- Plean Gnéaschiapadh
- Polasaí Iontrála
- Coimead Taifead
- Nasc Baile is Scoile
- Comhionannas
- Sláinte & Sábháilteacht
- Oideachas Riachtanais Speisialta
- Polasaí Gaeilge
- Sabháilte ar líne

Tá na nithe seo a leanas lárnach chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm go

- Breathadóireacht ar deá iompar i seomraí ranga, ar an gclós agus i dtimpeallacht na scoile.
- Ní mhór de mhúinteoirí a bheith ar aon intinn agus aon chleachtas maidir leis an bpolasaí seo a chur i bhfeidhm.
- Aischothú dearfach ó mhúinteoirí, tuismitheoirí agus páistí.
- Ní chloistear Béarla ach amháin le linn na ceachtanna Béarla.

- Bualadh le tuistí agus leis an mac léinn le hiarrachta a dhéanamh dóigheanna a fháil lena n-iompar doghlactha a athrú.
- A chinnítú go dtuigeann an mac léinn torthaí féideartha a n-iompair, dá leanfadh sé ar aghaidh
- A chinnítú go bhfuil iarracht déanta gach rogha eile a chíoradh
- Cuidiú a iarraidh ar ghníomhaireachtaí tacaíochtaí (NEPS/HSE/SESS/ srl)

Is féidir go mbeadh díbirt ina thoradh ar chéad chion i gcásanna faoi leith m.sh

- Bagairt tromchúiseach foréigin in aghaidh mic léinn nó baill foirne
- Foréigean nó ionsaí iarbhír
- Ag soláthar drugaí mídhleachtaha do dhaltaí eile sa scoil.
- Ionsaí gnéasach.

### **Nósanna Imeachta i ndáil díbirt**

Tá ar scoileanna de réir an dlí modhanna cothroma a leanúint chomh maith leis gnéithe a leagtar síos san Acht (Leasa)Oideachais 2000 agus iad ag beartú páiste a dhíbirt. Nuair a léiríonn réamhfhiosrúchán de na firicí go bhfuil mí iompar dáiríre ann ina bhféadfadh an páiste a dhíbirt a bheith mar thoradh seo iad na céimeanna:

1. Imscrúdú Sonrach faoi stiúir an Phríomhoide
2. Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta.
3. Breithniú an Bhoird ar mholadh an Phríomhoide agus éisteacht a reáchtáil
4. Breithniú an Bhoird agus bearta i ndiaidh na héisteachta.
5. Comhairleachán arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais
6. Dearbhú ar an gcinneadh an mac léinn a dhíbirt.

Tá ar an mBord Bainistíochta cinneadh a dhéanamh cé na céimeanna ina dteastóidh cruinnithe le chéile nó gan a bheith le chéile chun na tascanna a chomhlíonadh. Caithfear fógra a thabhairt do na tuismitheoirí faoina cruinnithe agus am reasúnta chun ullmhúchán a dhéanamh do éisteacht Boird.

### **Achomhairc**

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais, 1998, féadfaidh tuismitheoirí (nó mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe acu)

achomharc a dhéanamh chun Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta in aghaidh roinnt cinntí an Bhoird

Bhainistíochta, lena n-áirítear (1) eisiámh buan ó scoil agus (2) fionraíocht ar feadh tréimhse a chiallódh go mbeadhnn

tréimhse fionraíochta iomlán de 20 lá scoile nó níos mó in aon scoilbhliain amháin slánaithe ag dalta. Mar sin, ní mór

do scoileanna tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin gceart achomhairc sin má shocraítear dalta a chur ar fionraí nó a

eisiámh go buan ón scoil. De ghnáth, ní mór achomhairc a dhéanamh laistigh de 42 lá féilire ón dáta a cuireadh an

## **Rólanna agus Freagrachtaí**

Cuiridh an Bord Bainistíochta an polasaí seo i bhfeidhm agus beidh siad páirteach i mbeartanna smachta nuair is gá.

Beidh sé de dhualgas ag foireann na scoile an polasaí seo a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar an bpolasaí seo.

Ba cheart go na páistí cloígh leis an bpolasaí seo agus ba chóir do na tuismitheoirí a léithéid iompar a mholadh.